Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12021/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0357 (NLE)**

**JAI 1013**
**MIGR 206**
**FRONT 137**
**ASILE 68**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 387 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Measúnú de bhun Airteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 387 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 387 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.7.2026
COM(2026) 387 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Measúnú de bhun Airteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún**

GA GA

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Measúnú de bhun Airteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún**

## I. Réamhrá

An t-athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn a tugadh isteach leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann (dá ngairtear 'an Comhshocrú' anseo feasta), is céim bhunúsach é i dtreo creat Eorpach um bainistiú imirce atá níos inbhuanaithe, níos éifeachtúla agus níos athléimní a bhunú.

Is cuspóir lárnach de chuid an Chomhshocraithe é córas cothrom comhtháite a bhunú ina mbeidh an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht nasctha agus ina dtreiseoidh siad a chéile. Cé go méadaíonn an t-athchóiriú freagrachtaí na mBallstát, go háirithe ag na teorainneacha seachtracha, tugtar isteach leis freisin sásra dlúthpháirtíochta buan éigeantach solúbtha chun tacú leis na Ballstáit atá faoi bhrú.

Dá bhrí sin, tá feidhmiú éifeachtach an chórais nua ag brath ar an gcothromaíocht sin a choinneáil ar bun. Tá an baol ann go mbainfidh easnaimh i gcur chun feidhme an Chomhshocraithe an bonn d'oibleagáidí dlúthpháirtíochta agus den mhuinín fhrithpháirteach is gá, go háirithe maidir leis na rialacha freagrachta. Sa chomhthéacs sin, foráiltear le hAirteagal 60(3), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) 2024/1351[1] (dá ngairtear 'RBTI' anseo feasta) nach gceanglófar ar na Ballstáit is rannchuiditheoirí a ngealltanais a chur chun feidhme ná fritháirimh freagrachta a chur i bhfeidhm i leith Ballstát is tairbhí, i gcás inar shainaithin an Coimisiún easnaimh shistéamacha maidir leis na rialacha freagrachta a bhféadfadh iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha a bheith mar thoradh orthu d'fheidhmiú an Rialacháin sin. Léirítear leis an bhforáil an gá a áirithiú go bhfeidhmeoidh an creat dlúthpháirtíochta i gcomhthráth le cur chun feidhme éifeachtach na n-oibleagáidí a bhaineann le freagracht a chinneadh agus le haistrithe.

An tráth céanna, ba cheart a mheabhrú go dtugtar isteach leis an gComhshocrú athchóiriú níos leithne agus níos cuimsithí ar chreat imirce agus tearmainn an Aontais, rud a mheastar a laghdóidh an brú de réir a chéile ag teorainneacha seachtracha an Aontais, agus a neartóidh bearta in aghaidh gluaiseachtaí tánaisteacha neamhúdaraithe laistigh den Aontas. Leis an gcóras nua, bunaítear nósanna imeachta níos comhtháite ag gach céim den bhainistiú imirce, lena n-áirítear nósanna imeachta teorann um scagadh, tearmann agus filleadh chomh maith le filleadh tapa daoine nach bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu. Cuimsítear ann freisin bearta arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht na nósanna imeachta tearmainn agus na nósanna imeachta um fhilleadh a mhéadú, go háirithe trí choincheapa athbhreithnithe na tíre tionscnaimh sábháilte agus an tríú tír shábháilte, chomh maith le cur chun feidhme chreat athchóirithe nua an Aontais um fhilleadh. I dteannta a chéile, tá sé d'aidhm ag na bearta sin córas Eorpach um bainistiú imirce atá níos éifeachtaí agus níos athléimní a bhunú.

[1] Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 *IO L, 2024/1351, 22.5.2024, ELI:* *http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1351/oj*.

Laistigh den chéad Timthriall Bliantúil Bainistithe Imirce, sainaithníodh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún ceithre Bhallstát atá faoi bhrú imirce:[2]: An Chipir, an Ghréig, an Spáinn agus an Iodáil. Tá na Ballstáit sin i dteideal úsáid a bhaint as an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil a bunaíodh le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2025/2642 ón gComhairle[3]. Dá mbeadh easnaimh shistéamacha ann in aon cheann de na ceithre Bhallstát sin a bhféadfadh iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha a bheith acu d'fheidhmiú RBTI, ghníomhachtófaí an ceathrú fomhír d'Airteagal 60(3) den Rialachán sin.

I bhfianaise an mhéid sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún, le hAirteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún, measúnú a dhéanamh an amhlaidh nach bhfuil na cleachtais dá dtagraítear sa Chinneadh sin maidir le Rialachán (AE) 604/2013[4] (Rialachán Bhaile Átha Cliath III) leigheasta agus, dá bhrí sin, an ionann iad agus easnaimh shistéamacha a bhféadfadh iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha a bheith acu ar fheidhmiú Rialachán (AE) 2024/1351, agus sa chás sin beidh feidhm ag Airteagal 60(3), an ceathrú fomhír, de RBTI. Leis an gCinneadh, ceanglaítear ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh faoin 12 Iúil 2026 agus arís faoin 15 Deireadh Fómhair 2026.

Ba cheart na measúnuithe atá le déanamh ag an gCoimisiún a dhíriú go príomha ar cé acu a leigheasadh na cleachtais dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath III agus an ndearnadh dul chun cinn chun oibriú éifeachtach na rialacha nua freagrachta a áirithiú mar a bheartaítear faoi RBTI. Sa chomhthéacs sin, agus chun aistriú inbhuanaithe a áirithiú ón gcóras freagrachta faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III chuig na rialacha nua a leagtar amach in RBTI, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar leibhéal an chomhair oibríochtúil i measc na mBallstát, lena n-áirítear an rannpháirtíocht ghníomhach chun aistrithe a éascú agus comhar forchéimnitheach ar ábhair phraiticiúla agus lóistíochta.

I bhfianaise an mhéid sin, ní ábhar imní ar leith é an comhar oibríochtúil maidir le cur i bhfeidhm na rialacha freagrachta idir an Chipir agus na Ballstáit eile. Ar an gcaoi chéanna, ní ábhar imní ar leith é an comhar oibríochtúil maidir le rialacha freagrachta a chur i bhfeidhm idir an Spáinn agus na Ballstáit eile. Ar an gcúis sin, ní gá aon fhaireachán sonrach a dhéanamh faoi Airteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún.

An 4 Aibreán 2025, thángthas ar an gconclúid sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir le staid an bhainistithe imirce ar mhórthír na Gréige[5] gur cheart aistrithe chuig an nGréig a dhéanamh ar an mbealach céanna agus a dhéantar i gcás na mBallstát eile agus i gcomhréir le dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le léirmhíniú Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013.

---

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2025 de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2024/1 351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, *IO L, 2025/2323, 14.11.2025, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/2323/oj](http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/2323/oj)*.

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le bunú an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta Bhliantúil le haghaidh 2026.

[4]Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú), *IO L 180, 29.6.2013, lch. 31, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg/2013/604/oj](http://data.europa.eu/eli/reg/2013/604/oj)*.

[5]Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir le staid an bhainistithe imirce ar mhorthír na Gréige an 4 Aibreán 2025, COM(2025) 170 final.

I mí na Nollag 2022, chuir an Iodáil fáil aistrithe ar fionraí, cé is moite de chásanna athaontaithe teaghlaigh mionaoiseach neamhthionlactha[6]. Chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina breithiúnas an 19 Nollaig 2024 maidir le cásanna uamtha C-185/24 agus C-189/24[7] nach féidir leis an mBallstát atá ainmnithe mar an Ballstát atá freagrach faoi na critéir a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán (AE) 604/2013 é féin a urscaoileadh go haontaobhach ón bhfreagracht sin.

Ós rud é gur cheart do na Ballstáit a áirithiú nach leanfaidh na cleachtais a tugadh faoi deara cheana ina dtíortha i ndáil le Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ar aghaidh a thuilleadh, is gá anailís níos doimhne a dhéanamh ar an gcomhar oibríochtúil idir an Ghréig agus na Ballstáit eile, agus idir an Iodáil agus na Ballstáit eile maidir le cur i bhfeidhm na rialacha freagrachta.

## II. Measúnú ar an staid sa Ghréig

Léirigh an Ghréig tiomantas marthanach agus iarrachtaí suntasacha mar ullmhúchán do chur chun feidhme an Chomhshocraithe mar a léirítear sa tríú Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le staid na himeartha i ndáil le cur chun feidhme an Chomhshocraithe[8], lena n-áirítear roinnt beart arb é is aidhm dóibh cur i bhfeidhm rialacha freagrachta nua RBTI a áirithiú, chomh maith le príomhnuálaíochtaí an Chomhshocraithe amhail an scagadh agus na nósanna imeachta teorann agus Eurodac.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an nGréig maidir leis an gcreat dlíthiúil agus institiúideach is gá a bhunú chun an Comhshocrú a chur chun feidhme. Glacadh an reachtaíocht náisiúnta lena n-oiriúnaítear creat dlíthiúil na Gréige an 9 Meitheamh 2026. Tá iarrachtaí forleathana comhordúcháin agus cumarsáide déanta ag na húdaráis freisin, lena n-áirítear treoraíocht oibríochtúil agus ceardlanna tiomnaithe a ullmhú do na seirbhísí a bhfuil baint acu le cur chun feidhme na nósanna imeachta nua.

Tá ullmhúcháin oibríochtúla thábhachtacha curtha i gcrích freisin don nós imeachta teorann. Tá na saoráidí ábhartha ainmnithe ag an nGréig, rinne sí cleachtaí píolótacha i roinnt áiteanna agus bhunaigh sí sásra comhordaithe ilghníomhaireachta i gcomhar leis na príomhúdaráis náisiúnta uile, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus Frontex. Tá socruithe oibríochtúla tugtha isteach ag na húdaráis freisin arb é is aidhm dóibh comhlíonadh na sprioc-amanna nua a éascú, lena n-áirítear nósanna imeachta tarchuir cuíchóirithe, acmhainneacht ghlactha bhreise sa Chréit agus réitigh iompair thiomnaithe chun iarratasóirí a aistriú go tapa lasmuigh den Chréit. Tá an tÚdarás Náisiúnta Trédhearcachta ainmnithe mar shásra

[6]An 5 Nollaig 2022, d’eisigh Aonad Bháile Átha Cliath na hIodáile ciorclán chuig na hAonaid Bhaile Átha Cliath uile ina luaitear, mar gheall ar chúiseanna teicniúla a tháinig chun cinn go tobann a bhaineann le neamh-infhaighteacht saoráidí glactha, go n-iarrtar ar na Ballstáit aistrithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 i dtreo na hIodáile a chur ar fionraí go sealadach, cé is moite de chásanna athaontaithe teaghlaigh mionaoiseach neamhthionlactha. Le ciorclán eile an 7 Nollaig 2022, chomhlánaighAonad Bháile Átha Cliath na hIodáile, i bhfianaise an lín ard daoine atá ag teacht isteach ag na teorainneacha farraige agus talún araon, gur gá na dálaí glactha do náisiúnaigh tríú tíortha, agus an easpa áiteanna glactha atá ar fáil á cur san áireamh freisin, a athsceidealú. Ní dhearna údaráis na hIodáile ciorcláin 2022 a luaitear thuas a chúlghairm go foirmiúil ná níor chuir siad ciorcláin eile ina n-ionad.

[7]Cásanna Uamtha C 185/24 agus C 189/24 [Tudmur], mír 42; deimhnithe freisin le breithiúnas CBAE an 5 Márta 2026 maidir le C-458/24 [Daraa], mír 38.

[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Staid na himeartha i ndáil le cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, COM(2026) 196 final.

neamhspleách chun faireachán a dhéanamh ar chearta bunúsacha sa scagadh agus sna nósanna imeachta teorann.

I mí Aibreáin 2026, i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2055 ón gCoimisiún, chuir an Ghréig Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann ar an eolas faoi na suíomhanna aistrithe atá le húsáid chun críoch RBTI, lena n-áirítear suíomhanna aeir, farraige agus talún, suíomhanna le haghaidh aistrithe deonacha agus aerfort réamhshocraithe.

Neartaíodh go mór acmhainneacht oibríochtúil Aonad Náisiúnta Bhaile Átha Cliath mar ullmhúchán do chur chun feidhme RBTI. An 2 Meitheamh 2026, chuaigh 15 bhall foirne eatramhacha breise isteach san Aonad faoi Phlean Oibríochtúil Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, rud a d'fhág go raibh 69 bhfostaí (34 bhall foirne eatramhacha, 21 bhall foirne ar théarma seasta agus 14 bhall foirne bhuana) san iomlán ann, agus cúigear ceannairí foirne ag tacú leo. Féadfar baill foirne ó aonaid eile a chur ag obair freisin chun tacú le hAonad Náisiúnta Bhaile Átha Cliath le linn tréimhsí ina bhfuil ualach oibre méadaithe ann. Ina theannta sin, seoladh nós imeachta earcaíochta le haghaidh 116 fhostaí eile ar théarma seasta, rud a chuirfeadh tuilleadh feabhais ar chumas Aonad Náisiúnta Bhaile Átha Cliath na cásanna isteach a bhainistiú agus spriocdhátaí nua RBTI a chomhlíonadh. Tá nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha tiomnaithe forbartha ag Aonad Náisiúnta Bhaile Átha Cliath le haghaidh iarrataí agus aistrithe isteach faoi RBTI. Leis na sreafaí oibre nua, déantar foráil maidir le fíorú córasach freagrachta, rannpháirtíocht luath na n-údarás glactha agus cosanta leanaí, agus ullmhú struchtúrtha aistrithe isteach.

Bunaítear an eagraíocht is gá chun a áirithiú go gcuirfear an tSeirbhís Glactha agus Sainaitheanta[9] ar an eolas thart ar sheachtain amháin roimh an aistriú, rud a fhágfaidh gur féidir an acmhainneacht ghlactha agus na socruithe praiticiúla a eagrú roimh ré. Le malartuithe faisnéise seachtainiúla maidir le daoine atá beartaithe teacht isteach, tacaítear a thuilleadh leis an ullmhacht oibríochtúil agus le bainistiú éifeachtúil aistrithe isteach. Tá na socruithe is gá curtha i bhfeidhm ag na húdaráis freisin chun srianta ar shaoirse gluaiseachta a chur i bhfeidhm, i gcás inarb iomchuí, faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le Dálaí Glactha.

Déantar acmhainneacht oibríochtúil a threisiú a thuilleadh trí thacaíocht ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann. Tá sé beartaithe ag na húdaráis thart ar aon trian den fhoireann eatramhach a fhaigheann tacaíocht ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (13-14 fhostaí) a leithdháileadh ar iarrataí agus aistrithe isteach, agus tá gníomhaíochtaí oiliúna breise á bpleanáil acu d'fhoireann nua-earcaithe. Comhlánaíonn sé sin an oiliúint a chuir oiliúnóirí speisialaithe Aonad Náisiúnta Bhaile Átha Cliath ar fáil cheana féin maidir le RBTI, agus go sonrach maidir le critéir freagrachta.

[9] Tá tuilleadh faisnéise faoi chóras glactha na Gréige le fáil sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le staid an bhainistithe imirce sa Ghréig, COM(2025) 170 final. De réir na Teachtaireachta sin, cé go bhféadfadh sé go mbeadh gá fós le feabhsuithe i ngnéithe áirithe den bhainistiú imirce, is féidir teacht ar an gconclúid nach bhfuil aon easnamh córasach i gcóras tearmainn agus glactha ar mhórthír na Gréige, rud a fhágann go bhfuil riosca ann d'íde atá mídhaonna nó táireach de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais. Mar thoradh air sin, ba cheart aistrithe Bhaile Átha Cliath chuig an nGréig a dhéanamh ar an mbealach céanna agus a dhéantar i gcás na mBallstát eile, i.e. gan an ceanglas maidir le dearbhuithe aonair a mhol an Coimisiún sa Mholadh (AE) 2016/1117 uaidh, agus i gcomhréir le dlí-eolaíocht na Cúirte maidir le léirmhíniú Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) 604/2013.

D'éirigh leis an nGréig na ceanglais theicniúla a chur chun feidhme chun a córais náisiúnta a nascadh le lárchóras Eurodac agus tá sí in ann na sonraí is gá a tharchur chun a freagrachtaí a chomhlíonadh mar a leagtar amach le Rialachán (AE) 2024/1358[10].

Rinneadh uasghrádú rathúil ar DubliNet agus tá sé ag feidhmiú go hiomlán i gcomhréir leis na ceanglais nua. Tá tuilleadh uathoibrithe ar phróisis chlárúcháin, aicmithe agus bainistithe cásanna á fhiosrú chun an t-ualach oibre riaracháin a laghdú agus chun tacú le spriocdhátaí RBTI a chomhlíonadh.

Rinneadh uasghrádú ar an gcóras náisiúnta bainistithe cásanna *Alkyoni II* chun tacú le cur chun feidhme RBTI trí ríomh uathoibrithe spriocdháta, bainistiú sreafa oibre, faireachán cásanna, foláirimh, tuairisciú agus feidhmeanna staidrimh, chomh maith le comhtháthú le Eurodac. Tá naisc bhreise le DubliNet, leis an gCóras Faisnéise Víosaí, le Córas Faisnéise Schengen agus le ETIAS beartaithe, agus é mar chuspóir acu cásoibrithe a chumasú chun príomhchúraimí nós imeachta a dhéanamh trí ardán aonair. Leis na forbairtí sin, ba cheart éifeachtúlacht a fheabhsú, faireachán ar an ualach oibre agus ar riaráistí cásanna a neartú, agus comhlíonadh na gceanglas nós imeachta nua a tugadh isteach le RBTI a éascú.

Le linn na chéad seachtainí de chur i bhfeidhm RBTI (an 12 Meitheamh - an 7 Iúil 2026), thuairiscigh 8 mBallstát don Choimisiún iarrataí ar ghabháil ar láimh agus fógraí maidir le tógáil ar ais chuig an nGréig a bheith curtha isteach acu. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, scoir an Ghréig den chleachtas gan freagracht a ghlacadh agus níor tugadh aon fhreagra diúltach ar fhorais lasmuigh de raon feidhme RBTI le linn na tréimhse sin. Níl an spriocdháta dlíthiúil chun freagra a thabhairt ar chuid de na hiarrataí agus de na fógraí sin mar a leagtar síos in Airteagal 39(1) de RBTI agus in Airteagal 41 de RBTI dulta in éag go fóill. Idir an 12 Meitheamh agus an 7 Iúil agus i bhfianaise an athraithe cleachtais a bhí ann le déanaí maidir le freagracht a ghlacadh, níl aon iarraidh ar aistriú curtha faoi bhráid na Gréige go fóill.

## III. Measúnú ar an staid san Iodáil

Léirigh an Iodáil tiomantas marthanach agus iarrachtaí suntasacha mar ullmhúchán do chur chun feidhme an Chomhshocraithe mar a léirítear sa tríú Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le staid na himeartha i ndáil le cur chun feidhme an Chomhshocraithe[11] lena n-áirítear roinnt beart arb é is aidhm dóibh cur i bhfeidhm na rialacha nua freagrachta in RBTI a áirithiú, chomh maith le príomhnuálaíochtaí an Chomhshocraithe amhail an nós imeachta teorann nó Eurodac.

I mí an Mheithimh 2026, ghlac Comhairle Airí na hIodáile dlí foraithne lena dtugtar isteach bearta práinneacha chun cur i bhfeidhm tráthúil phríomhfhorálacha an Chomhshocraithe a éascú. Tugtar isteach leis leasuithe ar an gcreat náisiúnta imirce agus tearmainn, lena n-áirítear

[10] Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bunú 'Eurodac' chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile chun Rialacháin (AE) 2024/1351 agus (AE) 2024/1350 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus chun náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint, agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, *IO L 1358, 22.5.2024* *http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1358/2024-05-22*.

[11] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Staid na himeartha i ndáil le cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, COM(2026) 196 final.

forálacha a bhaineann leis an nós imeachta teorann um thearmann, scagadh, Eurodac, dálaí glactha agus nósanna imeachta um fhilleadh. Ina theannta sin, neartaíonn an dlí foraithne an acmhainneacht riaracháin agus bhreithiúnach is gá chun an creat nua a chur chun feidhme, go háirithe trí fhoireann bhreise a áirithiú le haghaidh nósanna imeachta tearmainn agus bearta atá dírithe ar riaráistí cásanna tearmainn a laghdú. Ní mór do reachtóir na hIodáile an dlí foraithne a thiontú ina dhlí laistigh de 60 lá tar éis a fhoilsithe in Iris Oifigiúil na hIodáile; tá an próiseas sin ar siúl faoi láthair.

I mí Aibreáin 2026, i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2055 ón gCoimisiún, chuir an Iodáil Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann ar an eolas faoi na suíomhanna aistrithe atá le húsáid chun críocha RBTI, lena n-áirítear suíomhanna aeir, farraige agus talún, suíomhanna le haghaidh aistrithe deonacha agus aerfort réamhshocraithe.

Neartaíodh acmhainneacht oibríochtúil an Aonaid náisiúnta RBTI go mór mar ullmhúchán do chur chun feidhme RBTI. Tá an tAonad á threisiú trí 15 bhall foirne fhadtéarmacha breise a earcú, a sannfar 10 díobh ar a laghad do nósanna imeachta aistrithe isteach, rud a mhéadóidh faoi dhó beagnach na hacmhainní atá ar fáil chun cásanna isteach a láimhseáil[12]. Tá spás oifige breise agus saoráidí físchomhdhála breise daingnithe freisin. Tá an tAonad eagraithe ina earnálacha speisialaithe lena gcumhdaítear nósanna imeachta isteach, nósanna imeachta amach, athshocrú, achomhairc agus athaontú teaghlaigh, agus tá láimhseálaithe cásanna freagrach as saolré iomlán na nósanna imeachta laistigh dá n-earnálacha féin.

Tá measúnú ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an gcreat dlíthiúil nua ar siúl faoi láthair chun meastachán a dhéanamh ar an ualach oibre a bheidh ann amach anseo agus ar na riachtanais acmhainneachta fhadtéarmacha a eascraíonn as nósanna imeachta agus spriocdhátaí athbhreithnithe RBTI. Ag an am céanna, beifear in ann, le hatheagrú atá beartaithe, acmhainní a leithdháileadh ar bhealach níos solúbtha de réir an ualaigh oibre, agus líon na n-iarrataí agus na bhfógraí, agus na spriocdhátaí nós imeachta is infheidhme araon, á gcur san áireamh.

Tá sreafaí oibre á n-oiriúnú ar bhonn na tástála ar fheidhmchlár nua DubliNet agus ceapadh uirlis bainistithe cásanna náisiúnta chun láimhseáil iarrataí ar ghabháil ar láimh agus fógraí faoi ghabháil ar ais a éascú. Bunaíodh nósanna imeachta oibríochtúla chun gníomhaíochtaí na n-údarás a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an Chomhshocraithe a chomhordú (go háirithe gníomhaíochtaí maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a láimhseáil, lena n-áirítear ag na breithiúna), próiseáil cásanna cuíchóirithe, leithdháileadh soiléir freagrachtaí agus comhlíonadh na gceanglas nós imeachta nua a áirithiú.

Tugtar tuilleadh tacaíochta d'fhothú acmhainneachta trí oiliúint leanúnach, rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí comhordúcháin, modúil oiliúna ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus sásraí inmheánacha comhroinnte eolais. Cuireann foireann shinsearach atá deimhnithe mar oiliúnóirí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann oiliúint ar fáil, rud a chuireann le hardleibhéal saineolais agus comhsheasmhachta oibríochtúla ar fud an Aonaid.

Is cosúil gur leor eagrú an chórais glactha náisiúnta chun freastal ar dhaoine a aistrítear faoi RTBI sa líonra náisiúnta saoráidí glactha atá ann cheana, lena n-áirítear ionaid atá oiriúnach chun freastal ar theaghlaigh a bhfuil leanaí acu agus ar iarratasóirí leochaileacha. Tá méadú ag

[12]Faoi láthair, is éard atá san 'earnáil isteach' (iarrataí, fógraí, aistrithe) 12 bhall foirne inmheánacha agus ball foirne sealadach amháin a earcaítear trí thionscadal arna chistiú ag AMIF.

teacht ar an acmhainneacht ghlactha le tacaíocht ó chistiú breise AMIF[13]. Ina theannta sin, i gcás méadú ar aistrithe, leis an bplean teagmhasach a d'fhorbair údaráis na hIodáile faoi Threoir (AE) 2024/1346[14], d'fhéadfaí an acmhainneacht ghlactha a leathnú go tapa trí áiteanna cóiríochta breise, arna gcomhordú ag an Aireacht Gnóthaí Baile agus ag na Maorachtaí.

Ag an am céanna, leanann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann de thacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil i réimsí na nósanna imeachta amach, na n-achomharc agus an athshocraithe, agus is gá measúnú a dhéanamh ar thacaíocht bhreise tar éis chéim tosaigh chur chun feidhme an Chomhshocraithe.

D'éirigh leis an Iodáil na ceanglais theicniúla a chur chun feidhme chun a córais náisiúnta a nascadh le lárchóras Eurodac agus tá sí in ann na sonraí is gá a tharchur chun a freagrachtaí a chomhlíonadh mar a leagtar amach le Rialachán (AE) 2024/1358.

Rinneadh uasghrádú rathúil ar DubliNet agus tá sé ag feidhmiú go hiomlán i gcomhréir leis na ceanglais nua. Ghlac údaráis na hIodáile páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí tástála eu-LISA, lena n-áirítear go déthaobhach le Ballstáit eile, agus d'éirigh leo tástáil a dhéanamh ar phríomhfheidhmiúlachtaí amhail foirmeacha caighdeánacha a chruthú, a tharchur agus a fháil. Chuir foireann Aonad RBTI oiliúint thiomnaithe i gcrích freisin.

Ag an am céanna, tá an córas náisiúnta bainistithe cásanna (*SUA*) á oiriúnú ag na húdaráis chun na ceanglais nua a tugadh isteach leis an gComhshocrú a ionchorprú. Tá sé d'aidhm ag na huasghráduithe atá beartaithe idir-inoibritheacht le bunachair sonraí phóilíneachta agus Eurodac a fheabhsú, malartú faisnéise thar nósanna imeachta a éascú, agus uathoibriú níos fearr sreafaí oibre a thabhairt isteach.

Le linn na chéad seachtainí de chur i bhfeidhm RBTI (an 12 Meitheamh - an 7 Iúil 2026), thuairiscigh 8 mBallstát faisnéis don Choimisiún maidir le cur isteach iarrataí ar ghabháil ar láimh, fógraí maidir le tógáil ar ais agus/nó foirmeacha caighdeánacha le haghaidh na n-aistrithe. Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, leanann an Iodáil de ghlacadh go hintuigthe le hiarrataí agus fógraí. Mar sin féin, níor atosaíodh na haistrithe go fóill. Le linn na tréimhse thuasluaite, iarradh 12 aistriú agus dhiúltaigh an Iodáil dóibh[15]. Faoi RBTI, ní fhéadfaidh Ballstát glactha aistriú a dhiúltú agus, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2055 ón gCoimisiún, molfaidh sé dáta malartach don aistriú[16].

---

[13]Tá faisnéis mhionsonraithe faoi chóras glactha na hIodáile le fáil sna bileoga eolais a d'ullmhaigh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann mar chuid de chur chun feidhme Threochlár Bhaile Átha Cliath (https://euaa.europa.eu/asylum-knowledge/dublin-procedure). Is éard atá sna bileoga eolais faisnéis mhionsonraithe maidir le dálaí glactha agus coinneála, lena n-áirítear dálaí do dhaoine leochaileacha, rochtain ar chúram bunúsach agus ar sheirbhís leighis, chomh maith le faisnéis faoin nós imeachta tearmainn, lena n-áirítear rochtain ar an nós imeachta agus ráthaíochtaí nós imeachta tar éis aistriú, mar a cheanglaítear le reachtaíocht ábhartha an Aontais. Tá na bileoga eolais dinimiciúil agus modhnaítear iad de réir imthosca athraitheacha sa Bhallstát lena mbaineann.

[14]Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh, *IO L, 2024/1346, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1346/oj*.

[15]Rinneadh aistriú amháin chuig an Iodáil le linn na tréimhse tuairiscithe, bunaithe ar iarraidh a deimhníodh roimh an 12 Meitheamh 2026.

[16] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2055 ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bainistiú tearmainn agus imirce, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 ón gCoimisiún, *IO L, 2025/2055, 12.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2055/oj*. Le

## IV. Conclúidí

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le rialacha an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme. Tá na Ballstáit ar an mbóthar ceart chun a reachtaíocht náisiúnta a oiriúnú, chun an scagadh éigeantach agus na nósanna imeachta teorann a chur ar bun agus a eagrú, chun acmhainneacht ghlactha leordhóthanach a bhaint amach, chomh maith le riaráistí agus moilleanna ar nósanna imeachta tearmainn a laghdú. Tá dul chun cinn déanta ag na Ballstáit freisin maidir lena n-acmhainneacht aistrithe freagrachta a phróiseáil agus gealltanais dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme a threisiú. An tráth céanna, tá gá le hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá fós ann, lena n-áirítear maidir leis na rialacha freagrachta nua faoi RBTI.

Ní ábhar imní ar leith é cur i bhfeidhm reatha na rialacha freagrachta ag an gCipir agus ag an Spáinn ná an comhar oibríochtúil atá ar siúl faoi láthair leis na Ballstáit sin agus meastar gur leor é chun cur chun feidhme ceart Chuid III de Rialachán (AE) 2024/1351 a áirithiú. Dá réir sin, ní gá aon fhaireachán eile a dhéanamh faoi Airteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún.

Is comharthaí dearfacha iad na bearta atá déanta ag an nGréig go dtí seo, mar aon le rannpháirtíocht ghníomhach agus comhar na n-údarás náisiúnta leis na Ballstáit eile, go bhfuil tús curtha ag an nGréig leis na cleachtais a tugadh faoi deara i gcur i bhfeidhm Rialachán Bhaile Átha Cliath III a leigheas agus go bhfuil sí ag léiriú go bhfuil sí réidh chun cur chun feidhme éifeachtach ceart Chuid III de RBTI a áirithiú. Ós rud é go bhfuil rialacha freagrachta nua RBTI i bhfeidhm le níos lú ná mí amháin agus go bhfuil na teorainneacha ama a bhaineann leis na rialacha nua freagrachta fós le teacht i bhfeidhm, ní féidir teacht ar chonclúid go fóill an ndearnadh na cleachtais a bhí ann roimhe seo a leigheas go hiomlán.

Léiríonn na bearta a rinne an Iodáil go dtí seo iarrachtaí suntasacha chun ullmhú do chur chun feidhme Chuid III de RBTI. Ag an gcéim seo, áfach, ní fhéadfaí aon chomhartha coincréiteach a thabhairt faoi deara nach bhfuil na cleachtais faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III fós ann, agus go háirithe maidir le glacadh aistrithe a chur ar fionraí, ach amháin i gcásanna athaontaithe teaghlaigh mionaoiseach neamhthionlactha. Ina theannta sin, níl aon chomhartha ann faoi láthair go raibh údaráis na hIodáile i dteagmháil go gníomhach le Ballstáit eile maidir leis na céimeanna praiticiúla agus lóistíochta chun aistrithe a atosú. Ní mór don Iodáil deireadh a chur leis na baic uile atá fágtha mar ábhar tosaíochta, lena n-áirítear trí dheireadh a chur leis na cleachtais lenar cuireadh cosc ar aistrithe go dtí seo, agus an rannpháirtíocht agus an comhar oibríochtúil is gá a áirithiú le Ballstáit eile maidir leis na socruithe praiticiúla agus lóistíochta uile, ionas go ndéanfar aistrithe go héifeachtach i gcomhréir le RBTI.

Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an staid bunaithe ar an bhfaisnéis agus na sonraí ábhartha atá le soláthar ag na Ballstáit i bhfianaise an mheasúnaithe atá le déanamh faoin 15 Deireadh Fómhair 2026 i gcomhréir le hAirteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún. Agus an méid sin á dhéanamh, tabharfar aird ar leith ar leibhéal an chomhair oibríochtúil i measc na mBallstát, lena n-áirítear an rannpháirtíocht

---

hAirteagal 25(5) agus le hAirteagal 26(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún, ceanglaítear ar an mBallstát glactha a dheimhniú go bhfuil sé ar fáil chun an t-aistriú a fháil nó molfaidh sé módúlachtaí éagsúla aistrithe agus/nó suíomh difriúil agus/nó am difriúil le haghaidh an aistrithe agus cuirfidh sé in iúl na fáthanna nach bhfuil sé ar fáil chun glacadh leis an aistriú arna mholadh ag Ballstát an aistrithe.

ghníomhach chun aistrithe agus dlúthchomhar maidir le hábhair phraiticiúla agus lóistíochta a éascú.